AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2020
COM(2020) 29 final

2020/0015 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Síníodh an 'Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia'[1] ('an Comhaontú') i nDeilí Nua an 23 Samhain 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 14 Deireadh Fómhair 2002. Foráiltear le hAirteagal 11(b) go 'dtabharfar i gcrích an Comhaontú seo go ceann tréimhse cúig bliana agus go bhféadfar é a athnuachan le comhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe tar éis meastóireacht le linn na bliana deiridh den tréimhse thuasluaite'. Rinneadh athnuachan ar an gComhaontú faoi dhó go dtí seo; d'fhormheas an Chomhairle an athnuachan in 2009[2] agus in 2015[3] go ceann tréimhse bhreise cúig bliana gach uair.

Rachaidh an Comhaontú reatha in éag an 17 Bealtaine 2020.

An mheastóireacht a rinne an Coimisiún, léiríonn sí go soiléir go soláthraítear leis an gComhaontú creat tábhachtach chun comhar idir an tAontas agus an India a stiúradh agus a éascú i réimsí tosaíochta comhchoiteanna ó thaobh eolaíochta agus teicneolaíochta, a mbeidh leasanna frithpháirteacha ann dá bharr. Le blianta beaga anuas, faoin gclár Fís 2020[4], roghnaíodh 7 dtionscadal tar éis glao comhpháirteach ar uisce, lena gcaithfear EUR 30M san iomlán i gcomhar leis an Roinn Eolaíochta agus Teicneolaíochta (DST) agus an Roinn Biteicneolaíochta (DBT); roghnaíodh 3 thionscadal tar éis glao comhpháirteach ar ghlúin nua vacsaíní i gcomhar le DBT, lena gcaithfear EUR 30M san iomlán; seoladh dhá thionscnamh nuálaíochta: líonra gorlann agus ardán nuálaíochta, as ar eascair breis agus 20 comhpháirtíocht nuálaíochta i measc a chuid rannpháirtithe. Anuas air sin, síníodh Comhshocrú Cur Chun Feidhme idir an Bord Taighde Eolaíochta agus Innealtóireachta (SERB) agus an Coimisiún Eorpach chun an tsoghluaiseacht a éascú do thaighdeoirí Indiacha aistriú chuig foirne dár thug an Chomhairle Eorpach um Thaighde deontas. Ar deireadh, chuir DBT agus an Aireacht Domhaneolaíochta (MoES) dhá shásra comhchistiúcháin ar bun chun rannpháirtithe Indiacha ar éirigh leo a mhaoiniú i mbreis agus 50 glao faoin gclár Fís 2020.

Is chun leas an Aontais Eorpaigh é an Comhaontú seo a athnuachan chun go leanfaidh sé de phlé níos mó a bheith aige le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta agus d'éascaíocht a dhéanamh dóibh i réimsí comhleasa agus a mbeidh dul chun cinn teicneolaíoch ann dá mbarr a rachaidh chun sochair do phobal eolaíochta na hEorpa agus a mhéadóidh rochtain ar an margadh chun na hIndia trí chomhar comhpháirteach.

Tá an Comhaontú seo fíor-riachtanach chun go dtuigfear timpeallacht eolaíochta agus nuálaíochta a chéile agus go socrófar go comhpháirteach réimsí tosaíochta comhleasa maidir le comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht. Soláthraítear leis creat dlíthiúil agus riaracháin inar féidir módúlachtaí an chomhair a phlé ionas go n-áiritheofar go ndáilfear an cistiú i gcomhair taighde agus nuálaíochta go slán cóir i réimsí atá i gcomhréir le leasanna

---

1 IO L213, 09.08.2002, lch. 30.

2 Cinneadh ón gComhairle 2009/501/CE (IO L 171, 01.07.2009, lch. 17).

3 Cinneadh ón gComhairle 2015/1788/AE (IO L 260, 07.10.2015, lch. 18).

4 Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 — an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

agus beartais an Aontais Eorpaigh agus ar féidir iad a oiriúnú nó a choigeartú de réir leasanna agus riachtanais na hIndia.

Soláthraítear leis freisin fóram úsáideach chun comhar a bhí ann cheana a mheas agus gníomhartha amach anseo a chinneadh, lena n-áirítear ábhair a thugann feidhm don chomhar amhail prionsabail maidir le Rochtain Oscailte agus Nuálaíocht Oscailte.

Ag cruinniú Chomhchoiste Stiúrtha na hIndia – an Aontais Eorpaigh, coiste arna bhunú leis an gComhaontú, i nDeilí Nua an 1 Márta 2019, thug an dá Pháirtí dá n-aire an rún atá acu an Comhaontú a athnuachan gan aon leasú go ceann tréimhse cúig bliana eile tar éis meastóireacht i gcomhréir le hAirteagal 11 ann.

Is ionann substaint an Chomhaontaithe athnuaite agus substaint an Chomhaontaithe atá ann faoi láthair, faoi mar a pléadh agus a aontaíodh leis na piaraí Indiacha. Ní chruthóidh sé cearta agus oibleagáidí nua don Aontas, ach cuirfidh sé lena fhad a mhairfidh an córas dlí atá ann cheana idir na Páirtithe i réimse an chomhair eolaíochta agus teicneolaíochta.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh seo go hiomlán i gcomhréir le straitéis an Aontais Eorpaigh um chomhar idirnáisiúnta i réimse an taighde agus na nuálaíochta[5]. Luaitear go soiléir i straitéis an Aontais an tábhacht atá le comhaontuithe eolaíochta agus teicneolaíochta mar mhodhanna chun treochláir ilbhliantúla a shainiú agus a chur chun feidhme i dtaca le comhar le tíortha nach baill den Aontas Eorpach iad. Anuas air sin modh is ea an Comhaontú chun go gcuirfear chun feidhme straitéis an Aontais Eorpaigh um chomhar idirnáisiúnta i réimse an taighde agus na nuálaíochta, straitéis ina n-éilítear tuilleadh idirnáisiúnaithe agus oscailteachta i dtimpeallacht Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá ról ríthábhachtach ag an gComhaontú i dtaca le comhlíonadh chuspóirí Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an India[6] chun dul i ngleic go comhpháirteach le dúshláin dhomhanda, chun tacú le nuachóiriú inbhuanaithe na hIndia, chun deiseanna gnó a chruthú agus chun barr feabhais eolaíoch agus iomaíochas a mhéadú[7].

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá cumhacht an Aontais Eorpaigh gníomhú go hidirnáisiúnta sa taighde agus i bhforbairt teicneolaíochta bunaithe ar Airteagal 186 TFEU. Is é pointe (a)(v) an dara fomhír d'Airteagal 218(6) TFEU bunús dlí nós imeachta an togra.

---

5 *Comhar idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh sa taighde agus sa nuálaíocht a fheabhsú agus a dhíriú: cur chuige straitéiseach*, COM(2012) 497.

6 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle JOIN(2018) 28 - 'Gnéithe le haghaidh Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an India'.

7 Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an India – Conclúidí ón gComhairle 14634/18 (10 Nollaig 2018, lch. 3).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá inniúlacht chomhthreomhar ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit i réimsí an taighde agus na forbartha teicneolaíochta i gcomhréir le hAirteagal 4(3) TFEU. Is fearr a bheifear in ann cuspóirí an chomhair idirnáisiúnta eolaíochta agus teicneolaíochta a bhaint amach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i bhfianaise na ndúshlán domhanda atá i gceist. Ina theannta sin is é an tAontas Eorpach is fearr atá in ann ról ceannasach a ghlacadh maidir le cur chun cinn prionsabal comhchoiteann i dtaca le stiúradh gníomhaíochtaí idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta chun dálaí cothroma iomaíochta a chruthú inar féidir le taighdeoirí agus nuálaithe ó cheann ceann an domhain a bheith muiníneach le bheith ag plé le chéile. Dá bhrí sin is fearr gurb é an tAontas Eorpach a ghníomhóidh i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíochta. Ag an am céanna, is gá comhsheasmhacht a bheith ann idir gníomhartha comhair idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh agus gníomhartha comhair idirnáisiúnta na mBallstát, agus go mbeidh siad ag comhlánú a chéile freisin.

Sa chomhthéacs seo, ceadaítear leis an gComhaontú creat lena sainaithnítear réimsí comhair chomhleasa maidir le taighde agus nuálaíocht agus atá i gcomhréir le clár oibre agus straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le comhar idirnáisiúnta. Go dtí seo tá sé cruthaithe gurb úsáideach riachtanach an comhar idir an tAontas Eorpach agus an India, agus dá bhrí sin táimid ag iarraidh go leanfar de trí athnuachan an Chomhaontaithe.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Oiriúnacht Rialála agus simpliú**

Ní cuid de chlár oibre REFIT an tionscnamh seo.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní theastaíonn ach acmhainní daonna agus riaracháin; leagtar amach sa ráiteas airgeadais reachtach iad.

I bhfianaise na mbreithniúchán thuas, iarrann an Coimisiún ar an gComhairle:

- formheas a dhéanamh, thar ceann an Aontais agus le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa, ar athnuachan an 'Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia', go ceann tréimhse bhreise cúig bliana (i.e., ó 17.05.2020 go dtí 16/05/2025)

- Uachtarán na Comhairle a údarú chun go n-ainmneoidh sé an duine nó na daoine dá dtabharfar de chumhacht fógra thabhairt do Rialtas Phoblacht na hIndia go bhfuil tugtha chun críche ag an Aontas na nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh an Comhaontú athnuaite seo i bhfeidhm

2020/0015 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 186, i gcomhar le pointe (v) d'Airteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[8],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2002/648/CE[9], d'fhormheas an Chomhairle tabhairt chun críche an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia ('an Comhaontú')[10]. Síníodh an Comhaontú i nDeilí Nua an 23 Samhain 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 14 Deireadh Fómhair 2002.

(2) I gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 11 den Chomhaontú, tugtar chun críche an Comhaontú go ceann tréimhse cúig bliana agus féadfar é a athnuachan le comhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe tar éis meastóireacht le linn na bliana deiridh den tréimhse cúig bliana.

(3) Le Cinntí 2009/501/CE[11], 2015/1788/AE[12] d'fhormheas an Chomhairle athnuachan an Chomhaontaithe go ceann tréimhse bhreise cúig bliana gach uair. Rachaidh an Comhaontú atá ann faoi láthair in éag an 17 Bealtaine 2020.

(4) An mheastóireacht a rinne seirbhísí an Choimisiúin, léiríonn sí go soiléir go soláthraítear leis an gComhaontú creat tábhachtach chun comhar idir an tAontas agus an India a stiúradh agus a éascú i réimsí tosaíochta comhchoiteanna ó thaobh eolaíochta agus teicneolaíochta, a mbeidh leasanna frithpháirteacha ann dá bharr. Dá bhrí sin is chun leas an Aontais Eorpaigh é an Comhaontú a athnuachan go ceann tréimhse nua cúig bliana.

---

8 IO C , , lch. .

9 Cinneadh 2002/648/CE ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le tabhairt chun críche an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia (IO C 213, 9.8.2002, lch. 29).

10 Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia (IO C 213, 9.8.2002, lch. 30).

11 Cinneadh 2009/501/CE ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 maidir le tabhairt chun críche Comhaontaithe lena n-athnuaitear an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia (IO C 171, 01.07.2009, lch. 17).

12 Cinneadh 2015/1788/CE ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tabhairt chun críche an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia (IO C 260, 07.10.2015, lch. 18).

(5) Dheimhnigh an dá Pháirtí an rún atá acu an Comhaontú a athnuachan go ceann tréimhse bhreise cúig bliana eile gan aon leasú ar an gComhaontú.

(6) Ba cheart athnuachan an Chomhaontaithe a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo athnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia, go ceann tréimhse bhreise cúig bliana, a fhormheas thar ceann an Aontais.

Airteagal 2

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine dá dtabharfar de chumhacht fógra a thabhairt do Rialtas Phoblacht na hIndia, thar ceann an Aontais, go bhfuil tugtha chun críche ag an Aontas a chuid nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go ndéanfar an Comhaontú a athnuachan i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 11 den Chomhaontú.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i struchtúr ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialúcháin

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe ar chomhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i struchtúr ABM/ABB[13]

Straitéis bheartais agus comhordú ar bheartas go háirithe de chuid Ard-Stiúrthóireachtaí RTD, AGRI, CLIMA, JRC, EAC, ENER, GROW, CNECT, MARE agus MOVE.

1.3. Teideal an togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**

☑ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Leis an tionscnamh seo féadfaidh an dá pháirtí an comhar eatarthu a fheabhsú agus a neartú i réimsí leasa coitinn eolaíochta agus teicneolaíochta atá i gcomhréir le Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an India.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Cuspóir sonrach Uimh. 4.1

Leis sin, féadfar saineolas a mhalartú a thuilleadh agus fios gnó a aistriú, rud a rachaidh chun tairbhe do na comhphobail eolaíochta, don earnáil tionsclaíochta agus do na saoránaigh. Leanfar d'fhóram úsáideach a chur ar fáil chun comhar san am atá caite a mheas agus gníomhartha san am atá le teacht a chinneadh, lena n-áirítear ábhair lena dtugtar feidhm don chomhar amhail prionsabail maidir le Rochtain Oscailte agus Nuálaíocht Oscailte.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

[13] ABM: bainistíocht trí ghníomhaíocht; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis an gcinneadh seo féadfaidh an tAontas Eorpach agus an India araon sochar frithpháirteach a bhaint as an dul chun cinn eolaíochta agus teicneolaíochta a bhainfear amach trí chomhar taighde ina gcláir thaighde shonracha féin agus fágfaidh sé go n-éascófar tuilleadh comhar méadaithe. Leis sin, féadfaidh an tAontas Eorpach agus an India dul i ngleic i dteannta a chéile le dúshláin dhomhanda, agus féadfaidh an tAontas Eorpach rannchuidiú le nuachóiriú inbhuanaithe na hIndia.

1.4.4. Táscairí lena léireofar torthaí agus tionchar

Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar na gníomhartha uile arna ndéanamh faoin gComhaontú, lena n-áireofar athbhreithniú ag an Aontas. Cumhdófar leis an athbhreithniú seo na pointí seo a leanas, i measc pointí eile:

(a) táscairí comhair —anailís ar an líon eintiteas Indiach agus ar chineál rannpháirteachais na n-eintiteas Indiach i gcláir arna maoiniú ag an Aontas Eorpach (e.g. an líon tograí, an líon comhaontuithe deontais sínithe, príomhnaisc chomhoibrithe, príomhthéamaí; an t-aschur a ghintear) agus *vice-versa* (nuair a bhíonn na sonraí ar fáil);

(b) táscairí feidhmíochta — ráta rathúlachta eintiteas Indiach atá rannpháirteach i gcláir réime an Aontais Eorpaigh i gcomparáid le tíortha eile nach Ballstát den Aontas Eorpach iad agus le Ballstáit/tíortha atá comhlachaithe le Clár Réime Taighde; anailís ar cháilíocht na rannpháirtíochta (e.g. an líon ollscoileanna is airde rangú atá rannpháirteach sa chlár, an líon paitinní agus foilseachán a eascraíonn as tionscadail chomhoibríocha);

(c) bailiú sonraí maidir le gníomhaíochtaí comhair agus naisc a théann thar na cláir thaighde ar leith chomh maith le measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí sin, amhail rannpháirtíocht i dtionscnaimh iltaobhacha agus i ngrúpaí oibre.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Leis an tionscnamh seo féadfaidh an dá pháirtí an comhar atá eatarthu a fheabhsú agus a neartú i réimsí eolaíochta agus teicneolaíochta ar mhaithe le sochar frithpháirteach.

1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais

Tá an Comhaontú bunaithe ar phrionsabail an chomhleasa, na rochtana cómhalartaí ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí an Pháirtí eile i ndáil le hábhar an Chomhaontaithe, an neamh-idirdhealaithe, na cosanta éifeachtaí ar mhaoin intleachtúil agus chomhroinnt chothrom IPR agus an tsaothraithe éifeachtaigh ar thorthaí. Le hathnuachan an chomhaontaithe seo féadfar eolas eolaíochta méadaithe a bheith ann a mbeidh deiseanna rochtana ar an margadh ann dá bharr.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Ar bhonn na taithí a fuarthas go dtí seo sa chomhar eolaíochta agus teicneolaíochta, meastar gur chun an tsochair fhrithpháirtigh é leanúint den chomhar taighde leis an India tríd an gComhaontú a athnuachan go ceann tréimhse eile cúig bliana.

1.5.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile

Tá athnuachan an Chomhaontaithe seo leis an India go hiomlán comhleanúnach leis an gcreat beartais foriomlán maidir le comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht (COM(2012)497).

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☑ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☑ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón 17/05/2020 go dtí an 16/05/2025

– ☑ Tionchar airgeadais ón 17/05/2020 go dtí an 16/05/2025

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[14]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 208 agus 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

[14] Is féidir teacht ar mhionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

Nótaí

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Déanfar rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach ón India i gCreat réime um Thaighde agus um Nuálaíocht an Aontais Eorpaigh agus i ngníomhaíochtaí comhair eile faoin gComhaontú a mheasúnú go rialta trí chruinnithe de chuid an chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 6 (b) den Chomhaontú.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh

Bíonn cruinnithe agus teagmhálacha déthaobhacha ann ar bhonn rialta trínar féidir eolas agus rialú a roinnt go córasach. Níor aithníodh aon riosca sa chóras rialaithe.

2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm

Neamhbhainteach

2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis

Neamhbhainteach

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Nuair a éilítear le cur i bhfeidhm an Chláir Réime go n-úsáidtear conraitheoirí seachtracha nó nuair is éard atá i gceist leis go ndeonaítear ranníocaíocht do thríú páirtithe, tabharfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, faoi iniúchtaí airgeadais, go háirithe má bhíonn údar amhrais aige i leith nádúr réalaíoch na hoibre arna déanamh nó a ndéantar cur síos uirthi sna tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí.

Is iad a thabharfaidh faoi iniúchtaí airgeadais an Aontais Eorpaigh a fhoireann féin nó saineolaithe cuntasaíochta arna bhformheas i gcomhréir le dlí an pháirtí a ndéanfar iniúchadh air. Is faoi shaoirse a roghnóidh an tAontas Eorpach na saineolaithe, agus seachnóidh sé ag an am céanna aon riosca maidir le coimhlintí leasa a d'fhéadfadh a bheith curtha in iúl dó ag an bpáirtí a ndéanfar an t-iniúchadh air. Anuas air sin, áiritheoidh an Coimisiún, agus é ag déanamh na ngníomhaíochtaí taighde, go gcosnaítear leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh le seiceálacha éifeachtacha agus, i gcás ina mbraitear neamhrialtachtaí, le bearta agus le pionóis díspreagthacha comhréireacha.

Chun an aidhm seo a bhaint amach, déanfar rialacha maidir le seiceálacha, bearta agus pionóis, agus tagairt iontu do Rialacháin Uimh. 2988/95, Uimh. 2185/96 agus Uimh. 883/2013, a ionchorprú sna conarthaí uile a úsáidtear i gcur chun feidhme an chláir réime.

Ní mór, go háirithe, foráil a dhéanamh maidir leis na pointí a leanas sna conarthaí:

- go gcuirfear isteach clásail shonracha sna conarthaí lena gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh trí sheiceálacha agus rialuithe a dhéanamh maidir leis an obair arna déanamh;

- go ndéanfar seiceálacha riaracháin mar chuid de bhearta frithchalaoise, i gcomhréir le Rialacháin Uimh. 2185/96 agus Uimh. 883/2013;

- go gcuirfear i bhfeidhm pionóis riaracháin le haghaidh na neamhrialtachtaí intinneacha nó faillíocha uile i gcur chun feidhme na gconarthaí, i gcomhréir le Creat-Rialachán Uimh. 2988/95, lena n-áirítear sásra dúliostála;

- gurb amhlaidh nach mór d'aon ordú gnóthaithe i gcás neamhrialtachtaí agus calaoise, a bheith in-fhorfheidhmithe i gcomhréir le hAirteagal 299 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Mar bhreis air sin agus mar ghnáthbheart beidh clár seiceálacha ann maidir le gnéithe eolaíochta agus buiséadacha an chomhair arb í a bheidh ina bhun an fhoireann fhreagrach in Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta (DG RTD). Déanfaidh Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach DG RTD iniúchóireacht inmheánach, agus déanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchtaí áitiúla.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana[15]

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Type of caiteachas	Ranníocaíocht			
	Ceannteideal 1a – Iomaíochas le haghaidh fáis agus post	LD/LN[16].	ó thíortha de chuid CSTE[17]	ó thíortha is iarrthóirí[18]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
1a	**08.01.05.01**	LN.	IS EA	IS EA	NÍ HEA	NÍ HEA
1a	**08.01.05.03**	LN.	IS EA	IS EA	NÍ HEA	NÍ HEA

- Línte buiséid nua atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Type of caiteachas	Ranníocaíocht			
	Number [Ceannteideal……]	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

15 Tá leithreasuithe don tréimhse 2021-2024 (Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027) agus an bunús dlí a bhaineann leo fós le glacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

16 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

17 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

18 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	1a	'Iomaíochas le haghaidh fáis agus post'

Ard-Stiúrthóireacht: RTD			Year **2020**[19]	Year **2021**	Year **2022**	Year **2023**	Year **2024**	Year **2025**	**IOMLÁN**
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[20]									
Uimhir na líne buiséid: **08.01.05.01**	Gealltanais	(1)	**0.040**	**0.060**	**0.060**	**0.060**	**0.060**	**0.020**	**0.300**
	Íocaíochtaí	(2)	**0.040**	**0.060**	**0.060**	**0.060**	**0.060**	**0.020**	**0.300**
Uimhir na líne buiséid: **08.01.05.03**		(3)	**0.008**	**0.012**	**0.012**	**0.012**	**0.012**	**0.004**	**0.060**
IOMLÁN leithreasuithe do DG RTD	Gealltanais	=1+1a +3	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**
	Íocaíochtaí	+2+2a +3	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**

• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach	(6)	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**

19 Is í bliain 2020 an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Comhfhreagraíonn méideanna le haghaidh 2020 agus 2025 do sheacht mí agus do chúig mhí faoi seach.

20 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <1a> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**
	Íocaíochtaí	=5+ 6	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	**5**	"Caiteachas riaracháin"

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Year **2020**	Year **2021**	Year **2022**	Year **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: RTD								
• Acmhainní daonna								
• Caiteachas riaracháin eile								
IOMLÁN DG RTD	Leithreasuithe							

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)							

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Year **2020**[21]	Year **2021**	Year **2022**	Year **2023**	Year **2024**	Year **2025**	**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**
	Íocaíochtaí	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**

[21] Is í bliain 2020 an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Comhfhreagraíonn méideanna le haghaidh 2020 agus 2025 do sheacht mí agus do chúig mhí faoi seach.

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			Year **N**		Year **N+1**		Year **N+2**		Year **N+3**		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						**IOMLÁN**	
	ASCHUIR																	
	Saghas[22]	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[23]...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
COSTAS IOMLÁN																		

[22] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[23] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Year **2020**[24]	Year **2021**	Year **2022**	Year **2023**	Year **2024**	Year **2025**	**IOMLÁN**
HEADING 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna							
Caiteachas riaracháin eile							
Subtotal HEADING 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Outside HEADING 5[25] **den chreat airgeadais ilbhliantúil**							
Acmhainní daonna	**0.040**	**0.060**	**0.060**	**0.060**	**0.060**	**0.020**	**0.300**
Other expenditure de chineál riaracháin	**0.008**	**0.012**	**0.012**	**0.012**	**0.012**	**0.004**	**0.060**
Subtotal lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 of the multiannual financial framework	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**
IOMLÁN	**0.048**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.072**	**0.024**	**0.360**

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

[24] Is í bliain 2020 an bhliain a thosóidh cur i bhfeidhm an togra/tionscnaimh. Comhfhreagraíonn méideanna le haghaidh 2020 agus 2025 do sheacht mí agus do chúig mhí faoi seach.

[25] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

		Year **2020**	Year **2021**	Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus pearsanra sealadach)							
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)							
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)							
08 01 05 01 (Taighde indíreach)		0.3	0.5	0.5	0.5	0.5	0.2
10 01 05 01 (Taighde díreach)							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)[26]							
XX 01 02 01 (AC, END, INT ón "imchlúdach iomlánaíoch")							
XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JED sna toscaireachtaí)							
XX 01 04 **bb** [27]	- sa cheanncheathrú						
	- i dtoscaireachtaí						
XX 01 05 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)							
10 01 05 02 (AC, END, INT – Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN		0.3	0.5	0.5	0.5	0.5	0.2

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Ullmhú agus bainistiú cruinnithe de chuid an Chomhghrúpa Chomhairligh arna bhunú faoi Airteagal 6(b) den Chomhaontú, chomh maith le measúnú leantach ar fheidhmiú agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe. Déantar ríomhanna go comhréireach de réir fhad an Chomhaontaithe.
Pearsanra seachtrach	

[26] CA = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[27] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

Tá Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 le glacadh fós ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

– ☑ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Year **N**	Year **N+1**	Year **N+2**	Year **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh						
		Year **N**	Year **N+1**	Year **N+2**	Year **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal …….								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.